

Ionsamhlúchán maidir le Gníomhú ar son na hAeráide: Tionsclaíocht agus Tráchtáil

Do: Phríomh-Idirbheartaithe na Tionsclaíochta agus na Tráchtála
Ábhar: Ullmhúchán don Chruinniú Mullaigh maidir le Gníomhú ar son na hAeráide

Fáilte go dtí an Cruinniú Mullaigh maidir le Gníomhú ar son na hAeráide. Tá cuireadh tugtha ag Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe daoibh agus do cheannairí ó na geallsealbhóirí ábhartha uile oibriú le chéile chun aghaidh a thabhairt go rathúil ar an athrú aeráide. Sa chuireadh sin, chuir an tArdrúnaí i bhfios gur rás atá á chailleadh againn is ea an éigeandáil aeráide, ach is rás ar féidir linn é a bhuachan é ... Is léir ón taighde eolaíoch is fearr go bhfágfaidh aon ardú teochta thar 1.5°C go ndéanfar damáiste mór do-aisiompaithe do na héiceachórais a choinníonn an dé ionainn ... Ach is léir dúinn ón taighde eolaíoch freisin nach bhfuil sé ródhéanach. Tá ar ár gcumas é a chur ina cheart ... Ach beidh claochluithe bunúsacha ag teastáil chuige sin i ngach gné den tsochaí – an chaoi a bhfásaimid bia agus a n-úsáidimid an talamh, ár rogha breosla le haghaidh iompair agus ár bhfoinsí cumhachta le haghaidh ár ngeilleagar ... Trí ghníomhú le chéile, ní fhágfaimid éinne chun deiridh.

Is é sprioc an chruinnithe mullaigh plean a chruthú chun teorainn is lú ná 2 °C [3.6 °F] os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch a chur leis an téamh domhanda agus iarracht a dhéanamh 1.5 °C [2.7 °F] a bhaint amach, arb iad na spriocanna idirnáisiúnta a aithníodh go foirmiúil i gComhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide iad. Níl aon amhras faoin bhfianaise eolaíoch: fágfaidh téamh os cionn na teorann sin go mbeidh iarmhairtí tubaisteacha do-aisiompaithe ann a chuirfidh sláinte, rathúnas agus beatha daoine sna náisiúin uile i mbaol.

Ar bhaill bhur ngrúpa tá príomhoifigigh feidhmiúcháin ó thionscail agus ó chorparáidí móra an domhain a bhrúnn an tomhaltas fuinnimh chun cinn, mar shampla: déantóirí carranna, aerlínte, gnólachtaí loingseoireachta agus lasta, déantúsóirí earraí tionsclaíocha agus tomhaltais, foirgníocht, tithíocht agus maoin tráchtála, táirgí tomhaltais, teicneolaíocht na faisnéise agus corparáidí móra eile.

Tá liosta de bhur dtosaíochtaí beartais thíos. Is féidir libh, áfach, aon bheartas atá ar fáil a mholadh nó a bhlocáil.

- 1. Praghas an fhuinnimh a choinneáil íseal.** Tiocfaidh ardú ar chostais táirgí má thagann ardú ar phraghsanna fuinnimh, rud a fhágann gur lú an seans go gceannóidh daoine bhur gcuid táirgí. Praghsanna fuinnimh a choinneáil íseal trí chur in aghaidh cánacha fuinnimh agus praghsanna arda carbóin, agus fóirdheontais fuinnimh a chur chun cinn ag an am céanna. Smaoinígí ar an tionchar a bheadh ag na beartais atá molta agaibhse agus ag grúpaí eile ar chostas an fhuinnimh.
- 2. Borradh a chur faoi éifeachtúlacht fuinnimh modhanna iompair, na bhfoirgneamh agus na tionsclaíochta.** Ciallaíonn éifeachtúlacht fuinnimh níos lú fuinnimh a úsáid chun na seirbhísí céanna nó an táirgeadh céanna earraí a sholáthar. Tarlaíonn sé uaireanta go gcuireann an éifeachtúlacht fuinnimh leis na costais tosaigh ach go laghdaítear na costais oibriúcháin, rud a ghineann coigilteas san fhadtearma. D'fhéadfadh feabhsuithe éifeachtúlachta a bheith ina rogha tharraingteach chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Mar sin féin, tá sibh i gcoinne beartais agus rialacháin a mbeadh méaduithe móra éifeachtúlachta ag teastáil ina gcomhair chun athruithe gasta agus costasacha ar bhur gcuid táirgí agus próiseas a sheachaint.
- 3. Iniúchadh a dhéanamh ar leictirí modhanna iompair, na bhfoirgneamh agus na dtionscal.** Braitheann tionscal iompair an lae inniu go mór ar ola chun ár gcarranna, ár dtucaílí, ár longa, ár dtraenacha agus ár n-eitleáin a bhreoslú. Ina theannta sin, astaíochtaí gás ceaptha teasa a thagann as foirgnimh, is ó bhreoslaí iontaise a dhóitear chun na foirgnimh a théamh an chuid is mó díobh. Má dhéantar próisis iompair, próisis téimh agus próisis thionsclaíocha a leictirí, d'fhéadfaí iad a chumhachtú amach anseo le cumhacht in-athnuaite, má bhíonn na foinsí leictreachais sin iontaofa agus níos saoire ná cumhacht iontaise.

- 4. Gníomhaíochtaí a spreagadh nach gcuireann isteach go díreach ar bhur gcuid tionscal.** Cé go dtuigeann sibh go bhfuil an t-athrú aeráide contúirteach, tá oraibh luach na scairshealbhóirí a chosaint freisin. Dá bhrí sin, tacaíonn sibh le beartais a d'fhéadfadh astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú gan dochar a dhéanamh do bhur gcuid tionscal. Cé gur gáis ceaptha teasa is mó a chuireann CO₂ ó úsáid breosla iontaise leis an athrú aeráide, is fíor-dhrochastaíochtaí gás ceaptha teasa iad an meatán (CH₄), an ocsaíd nítriúil (N₂O) agus gáis eile. Cuireann cleachtais dhomhanda talmhaíochta agus foraoiseachta go mór le hastú na ngás sin. Tacaíonn sibh le beartais chun gáis ceaptha teasa eile a laghdú, ar a bhfuil astaíochtaí ó thalamhúsáid, talmhaíocht agus foraoiseacht. Tacaíonn sibh le hiarrachtaí chun an dífhoraísiú a laghdú, agus foraoisí nua a chur (foraoisiú).

Breithnithe Breise

Na tionscail a ndéanann sibh ionadaíocht orthu, tháinig siad chun cinn i ré eile nuair nach raibh mórán costais ar an bhfuinneamh, agus glacann bhur samhla ghnó leis go mbeidh breosla agus leictreachas fós ar bheagán costais agus flúirseach. Bheadh athrú mór cultúir agus cumais nua ag teastáil chun cur go mór leis an éifeachtúlacht fuinnimh. Roinnt de na príomhpháirtithe leasmhara atá agaibh, e.g. déantóirí carranna ceannasacha agus tionscail na heitlíochta, na loingseoireachta agus an lasta, d'fhéadfadh beartais a ardaíonn praghsanna breosla dochar a dhéanamh dóibh. D'fhéadfadh sé nach mairfeadh cuid acu. In earnálacha eile, is féidir táirgí atá tíosach ar fhuinneamh a dhíol ar phraghas ard agus brabús a dhéanamh. Ní hamháin go laghdaítear an t-éileamh ar fhuinneamh leis an éifeachtúlacht fuinnimh, ach is féidir freisin feabhas a chur ar an teacht aniar atá sa tsochaí in aghaidh tubaistí aeráide. Mar shampla, má tá teach inslithe go maith, is féidir teas a choinneáil istigh fiú amháin i gcás ina gcuirtear línte cumhachta ó mhaith le linn stoirme. Tá laghdú thart ar 1.3 % in aghaidh na bliana ag teacht ar dhéine fuinnimh an gheilleagair (fuinneamh a úsáidtear in aghaidh an aonaid den fhíor-olltáirgeacht intíre), treocht a bhfuiltear ag súil go leanfaidh sí ar aghaidh sna blianta amach romhainn. Measann roinnt anailísithe go bhféadfadh déine fuinnimh titim chomh mór le 5-7 % in aghaidh na bliana (ar chostas éigin, agus ní i ngach tionscal).

Tá sé tugtha le fios ag na ceannairí in bhur dtionscal go mbíonn tréimhsí aisíoca gearra ag go leor de na tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh agus go mbíonn glanluach láithreach deimhneach acu, agus gur beag riosca atá ag baint leo. Is féidir le sásraí maoiniúcháin nuálacha coigilteas ó chostais fuinnimh níos ísle a athinfeistiú chun tionscadail nua éifeachtúlachta fuinnimh a mhaoiniú, rud a fhágfaidh go mbeidh tionscadail den sórt sin tarraingteach ó thaobh airgeadais de do na páirtithe leasmhara.

Tá an earnáil foirgníochta dhomhanda ag méadú ar ráta nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo agus is é an fás ar dhaoine an domhain agus ar an ngeilleagar domhanda is cúis leis an méadú sin. Sna 40 bliain atá amach romhainn, táthar ag súil go dtógfaidh an domhan 230 billiún méadar cearnógach d'fhoirgnimh nua – is ionann sin agus limistéar chomh mór le Páras a chur leis an bpláinéad gach seachtain. Tá gá le beartais agus dreasachtaí nua chun dlús a chur le héifeachtúlacht fuinnimh agus le giniúint cumhachta in-athnuaite san earnáil foirgníochta dhomhanda, agus chun na struchtúir atá ann cheana a athfheistiú. Is féidir le foirgnimh nua agus athshuiteáil córais fuinnimh sna foirgnimh atá ann cheana an úsáid fuinnimh a laghdú 25-80 % nó níos mó, agus tá foirgnimh “atá neodrach ó thaobh fuinnimh” indéanta agus brabúsach ina lán ceantar anois. Tá tionscail dianfhuinnimh amhail tionscail an iarainn, na cruach agus na stroighne tar éis éirí níos éifeachtúla trí threalamh nua a úsáid agus trí fhuílleach teasa a athúsáid. Is féidir le hinnill agus tiomántáin atá éifeachtach agus a bhfuil an méid ceart iontu coigilteas fuinnimh 20-25 % a bhaint amach. Mar sin féin, cuireann saolré fhada na bhfoirgneamh, na bhfeithiclí agus an bhonneagair srian leis an ráta feabhais agus bíim ar an tábhacht a bhaineann le hathfheistiú, seachas infheistiú nua amháin.

In ainneoin go bhféadfadh sé tarlú, ní mór daoibh a bheith airdeallach faoi bheartais lena ngearrfaí costais nua ar ghnó a dhéanamh, ar a n-áirítear méaduithe móra ar phraghas an fhuinnimh a bhfuiltear ag brath air. Mar ghrúpa a bhí ag brath ar an nuálaíocht i gcónaí, d'fhéadfadh sé go mbeadh dúil agaibh i réitigh theicneolaíocha chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus tacaíonn sibh le

fóirdheontais rialtais a chruthaíonn deiseanna nua gnó.

Tá a fhios agaibh nach mór astaíochtaí domhanda na ngás ceaptha teasa a chiorrú chun na tionchair is measa a bhaineann leis an athrú aeráide a sheachaint. Tá rioscaí tromchúiseacha do bhur slabhraí soláthair, bhur gcustaiméirí agus bhur bhfostaithe ag baint le leibhéil farraige atá ag ardú, le níos mó adhaimsire agus le heasáitiú geopholaitiúil a leanann astu. Leis an méadú atá ag teacht ar an díobháil don aeráid, méadaítear an dóchúlacht go mbeidh beartais agus rialacháin dhiana ann a mhéadódh na costais fuinnimh agus a dhéanfadh dochar do bhur dtionscail. Cé go bhfuil bearta á ndéanamh agaibh chun teacht roimh na beartais agus na rialacháin ar fad a chuireann ualach míchothrom ar bhur dtionscail, ní mór daoibh iarracht a dhéanamh freisin astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus an t-athrú aeráide a mhoilliú ionas gur féidir libh leanúint de bheith brabúsach agus slán ar phláinéad atá ag éirí níos teo. Tá sé ráite go ndúirt Paul Polman, Príomhfheidhmeannach Unilever, “[níl aon bhrabús le déanamh ar phláinéad marbh.](#)”
